PUBLIC NOTICES PUBLIC NOTICES PUBLIC NOTICES PUBLIC NOTICES PUBLIC NOTICES PUBLIC NOTICES

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council




## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

## NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ) - CUID 8

**Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Roinn Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta.**

**Láithreán: Plaza Cuan Portobello, Cuan Portobello, Portobello, Baile Átha Cliath 8.**

**Togra:** De bhun na riachtanas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé i gceist an ríocht phoiblí laistigh de Phlás Chuan Portobello a fheabhsú ina Páirc nua dírithe ar an bpobal, ar a dtabharfar Páirc Chuan Portobello.

Dúnfar cuid de Rae Richmond mar bhealach a mbíonn trácht air chun gur féidir Páirc Phoiblí leanúnach aonair a chruthú ó Shráid Richmond Theas go Bóthar Chuan Portobello. Cuimseoidh an Pháirc nua limistéar faiche oscailte le haghaidh súgradh neamhfhoirmiúil, crainn nua, plandáil atá neamhdhíobhálach do phailneoirí, réitigh bhainistíochta uisce bunaithe ar an dúlra, cosáin chrua tírdhreachaithe, suíocháin agus eilimintí súgartha leanaí. Beidh deic bheag ag Bruach na Canálach Móire le ciumhais suí ionas gur féidir le daoine idirghníomhú leis an uisce agus meas a léiriú air. Coinneofar an rothaíocht trí dhromchla comhroinnte idir Sráid Richmond Theas agus Bóthar Chuan Portobello. Tá sé beartaithe Páirceáil do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Rae Richmond a athlonnú go Bóthar Chuan Portobello agus tá sé beartaithe Stáisiún Rothair Bhaile Átha Cliath atá ann cheana a athlonnú go Sráid Lennox.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

- Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chuí.
- Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 13/06/2024**, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00r.n. go 4.30i.n. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh **4.30pm ar an 25/07/2024.**

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh **23.59 a chlog ar an 25/07/2024.**

## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

## PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED) - PART 8

**Applicant: Dublin City Council, Culture, Recreation and Economic Services.**

**Location: Portobello Harbour Plaza, Portobello Harbour, Portobello, Dublin 8.**

**Proposal:** Pursuant to the requirements of the above, notice is hereby given of proposal to improve the public realm within Portobello Harbour Plaza into a new community focused Park, called Portobello Harbour Park.

The proposals will see the closure of part of Richmond Row as a trafficked route in order to allow the creation of single continuous Public Park from Richmond Street South to Portobello Harbour Road. The new park will include an open lawn area for informal play, new trees, pollinator friendly planting, nature based water management solutions, hard landscaped paths, seating and children's play elements. The Grand Canal Bank will have a small deck with a seating edge to allow interaction and appreciation of the water. Cycling will be maintained via a shared surface between Richmond Street South and Portobello Harbour Road. Disabled Parking on Richmond Row is proposed to be relocated to Portobello Harbour Road and the existing Dublin Bikes Station is proposed to be relocated to Lennox Street.

The proposal has undergone Appropriate Assessment Screening in accordance with Article 6(3) of the Habitats Directive (92/43/EEC) and screening for Environmental Impact Assessment under the EIA Directive 2011/92/EU, as amended by Directive 2014/52/EU.

In accordance with Article 81 of the Planning & Development Regulations 2001, as amended, the Planning Authority has made a determination and concluded that:

- The proposed development, either individually or in combination with other plans and projects, is not likely to have a significant effect on any European site(s) and therefore a Stage 2 Appropriate Assessment is not required.
- There is no real likelihood of significant effects on the environment arising from the proposed development and that the proposed development is not of a class set out under Schedule 5 of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, and therefore does not require an Environmental Impact Assessment Report (EIAR).

Any person may, within 4 weeks from the date of publication of this notice, apply to An Bord Pleanála for a screening determination as to whether the development would be likely to have significant effects on the environment.

Plans and Particulars of the proposed development may be inspected or purchased at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy for a period of **4 weeks from 13/06/2024**, during public opening hours at the offices of Dublin City Council, Public Counter, Planning and Property Development Department, Block 4, Ground Floor, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, Monday - Friday 9.00am to 4.30pm. The plans and particulars are also available for inspection online: https://consultation.dublincity.ie on the City Council's website www.dublincity.ie.

A submission or observation in relation to the proposed development, dealing with the proper planning and sustainable development of the area in which the development would be situated, may be made, in writing, to the Executive Manager, Planning and Property Development Department, Dublin City Council, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, before **4.30pm on 25/07/2024.**

Submissions or observations may also be made online https://consultation.dublincity.ie on the City Council's website www.dublincity.ie before **23.59hrs on 25/07/2024.**